
SCÉAL RATHA

# FÓRAM AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

# RIGHT 2 WATER (AN CEART AG CÁCH AR UISCE)




**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR

RIGHT 2 WATER (AN CEART AG CÁCH AR UISCE) 3

An feachtas 'Right2Water' 4

Tionchar an Fheachtais 'An ceart ag cách ar uisce' 7



# 1
# RIGHT 2 WATER (AN CEART AG CÁCH AR UISCE)


Cláraíodh an tionscnamh ‘Right2Water’, (teideal iomlán: ‘Tá an ceart ag cách ar uisce agus ar shláintíocht! Tá uisce ann ar mhaithe leis an phobail, ní haon tráchtearra é!’) an 10 Bealtaine 2012. Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh chun an ceart atá ag cách ar uisce agus ar shláintíocht a chur chun feidhme, ar ceart é arna aithint ag na Náisiúin Aontaithe, agus soláthar uisce agus sláintíochta a chur ar fáil mar sheirbhísí riachtanacha poiblí do chách.

Ba é príomhchuspóir an fheachtais gur cheart go gcuirfí ceangal ar rialtais náisiúnta i ndlí an Aontais uisce óil glan leordhóthanach agus sláintíocht a chinntiú agus a chur ar fáil do gach saoránach.

Is tionscnamh uathúil é ‘Right2Water’ sa mhéid gurbh é an chéad tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh é ar bailíodh 1 mhilliún síniú lena aghaidh.

Chinn an Coimisiún beart a dhéanamh i réimsí éagsúla a bhaineann leis an tionscnamh (trédhearcacht a mhéadú, nuálaíocht a spreagadh, etc.) agus rinne sé togra reachtach chun an Treoir maidir le hUisce Óil a athbhreithniú lena n-áirítear an oibleagáid atá ar na Ballstáit rochtain ar uisce a chinntiú do na grúpaí is leochailí.

**Foinsí maoinithe (EUR)**




## Fachtóirí an ratha

- Caitheadh trí bliana ag ullmhú sular seoladh an tionscnamh
- Bhíothas in ann thart ar 200,000 síniú a bhailiú le linn na laethanta a lean sceitse a craoladh mar chuid de chlár príomh-ama ar theilifís na Gearmáine
- Gluaiseacht idirnáisiúnta sheanbhunaithe

# 2
# An feachtas 'Right2Water'

## Ullmhú

Le linn cruinniú in 2009, chinn Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (EPSU) an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a sheoladh toisc gur uirlis é a raibh gné Eorpach ag baint léi lena bhféadfaí comhghuaillíocht agus comhoibriú a chothú ar fud na hEorpa. Bhí an méid sin ar cheann de na príomhchúiseanna a raibh rath ar an tionscnamh mar chuir EPSU ciste ar bun chun an feachtas a mhaoiniú trí bliana roimh ré agus chruthaigh sé comhghuaillíocht leathan eagraíochtaí (eagraíochtaí forbartha, eagraíochtaí neamhrialtasacha sóisialta agus comhshaoil, eagraíochtaí ban, séipéil, cuideachtaí agus bardais soláthair uisce phoiblí) chun tacú leis an bhfeachtas.

Chuaigh na heagraithe i muinín teagmhálacha pearsanta, comhaltaí EPSU, gluaiseachtaí sóisialta, líonraí náisiúnta, agus roinnt eagraíochtaí Eorpacha (an Biúró Comhshaoil Eorpach, Mná san Eoraip, an tArdán Sóisialta, an Ghluaiseacht Eorpach le haghaidh Uisce, etc.) chun feasacht a ardú agus dul i bhfeidhm ar shínitheoirí. Bhí cúiseanna éagsúla ag na páirtithe go léir le tacú leis an tionscnamh ach bhí leas i gcoiteann acu: go mbeidh rath ar an tionscnamh.

Bhí sé tábhachtach an feachtas a phleanáil agus na príomhtheachtaireachtaí a ullmhú go cúramach. Leagann duine de na comhordaitheoirí feachtais náisiúnta béim ar a thábhachtaí atá sé d'ambasadóirí feachtais a roghnú go cúramach. Déan cinnte go bhfuil dóthain ama, acmhainní agus saineolais agat le fadhbanna substainteacha agus socrúcháin theicniúla araon a shárú.

An meall mór ar deireadh, chuaigh siad i gcomhairle le dlíodóirí a bhí ar scor le cuidiú leo an tionscnamh a dhréachtú.



## Cur chun feidhme

Ar thaobh amháin, rinne siad teagmháil le sínitheoirí trí na meáin shóisialta agus trí na meáin chumarsáide thraidisiúnta chomh maith. Fós féin, deir na heagraithe go raibh sé úsáideach go háirithe feachtasaíocht a dhéanamh le linn imeachtaí agus i ngrúpaí ar Facebook. É sin ráite, agus cé go bhfuil leathanaigh tagtha in áit imeachtaí ar Facebook, tá imeachtaí fós an-úsáideach i ngeall air go bhfaigheann daoine atá ag freastal ar imeachtaí, nó a léiríonn spéis iontu, fógraí.

Fachtóir thar a bheith tábhachtach don rath a bhí ar an tionscnamh ba ea sceitse ar chlár teilifíse príomh-ama de chuid na Gearmáine mar tháinig ardú tobann ionann agus 200,000 síniú nua ar líon na sínithe mar gheall air sin. Rinne siad iarracht an méid céanna a bhaint amach i dtíortha eile ach b'éigean do na heagraithe cuid mhór ama a chaitheamh air agus níor éirigh leo aird na meán náisiúnta a tharraingt air ar an dóigh chéanna.

Ar an taobh eile, bhí gníomhaíochtaí as líne tábhachtach agus d'éirigh leo dul i dteagmháil le sínitheoirí trí ghníomhaithe sna cathracha. Ina theannta sin, chuir na heagraithe líonra pointí teagmhála áitiúla ar bun ina bhféadfadh daoine tuairisciú a dhéanamh ar a ndearna siad ar an tsráid nó san ionad oibre agus smaointe a chomhroinnt dá bhrí sin.

An t-idirphlé idir na heagraithe Eorpacha agus na feachtais náisiúnta, bhí tábhacht nach beag ag baint leo. Míníonn na heagraithe gur dearadh an feachtas go léir ar bhealach a chuir an deis ar fáil le haghaidh comhordúchán Eorpach chun rudaí a roinnt leis na páirtithe náisiúnta.

Duine de na comhordaitheoirí náisiúnta, dúirt sé gurbh éigean leasuithe a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil. D'athraigh siad mana an fheachtais beagán, An ceart ag cách ar uisce a bhí ann ó cheart ach chuir siad le brí an mhana le cur in iúl gur ceart bunúsach é an t-uisce. Mheas siad go mbeadh níos mó cur amach ag daoine ar a leithéid ó tharla go ndéantar tagairt dó i mBunreacht na Fionlainne. Léirítear leis an sampla sin an tábhacht a bhaineann le comhordúchán Eorpach ach san am céanna gur gá a bheith solúbtha maidir le gnéithe agus saintréithe náisiúnta.

D'oibrigh páirtithe náisiúnta i gcomhar díreach le chéile. Chuidigh an comhar sin chun na feachtais náisiúnta a fhorbairt a thuilleadh. Deir na heagraithe gur léiriú ar rath an fheachtais i roinnt mhaith tíortha an méadú atá tagtha ar líon na bpáirtithe náisiúnta.



Chun go mbeadh rath ar an bhfeachtas, bhí sé tábhachtach go mbeadh líon mór daoine in ann tuiscint a fháil ar spriocanna an tionscnaimh. I gcás an fheachtais áirithe sin, ba é an buntáiste a bhí ag na heagraithe, dar leo, go dteastaíonn uisce ó gach duine ar bhonn laethúil agus ní fheidhmíonn rud ar bith sa tsochaí gan é. I ngeall ar an mbunlíne sin, bhí beagnach gach duine in ann tuiscint a fháil ar sprioc an fheachtais.


## Bailiú sínithe

Bhí na saoránaigh ar an eolas faoin bhfadhb a bhain le rochtain a fháil ar uisce glan, rud a d'éascaigh bailiú sínithe. Is amhlaidh gur sáraíodh na spriocanna tosaigh a shocraigh na heagraithe san Iodáil, sa Spáinn agus sa Ghréig, trí thír a bhí faoi réir cuid de na beartais déine is measa an tráth sin i ndiaidh seirbhísí bunúsacha a phríobháidiú.

Sé mhí tar éis thús na tréimhse bailithe, bhí siad in ann na tíortha arbh éasca sínithe a bhailiú iontu a shainaithint agus dhírigh siad a n-iarrachtaí orthu sin. Nuair a bhí an tairseach bainte amach acu i dtír ar leith, d'fhéach siad le 5% ar a laghad den líon os cionn na tairsí sin a bhailiú.

Faoi dheireadh na céime bailithe, bhí 84% den 1.7 milliún síniú bailithe ar líne agus bhí an 16 % eile díobh bailithe ar pháipéar..

**Líon na ráiteas tacaíochta**
(i gcló trom, tíortha inár sroicheadh an tairseach)




## Fíorú agus tíolacadh

Tíolacadh an tionscnamh an 20 Nollaig 2013 mar aon le deimhnithe chun bailíocht 1,659,543 ráiteas tacaíochta a dhearbhú. Thóg sé tamall fada sínithe a fhíorú i dtíortha áirithe le hais tíortha eile. Níor glacadh le tuairim agus 200,000 síniú mar gheall ar an bpróiseas fíoraithe.

# 3
# Tionchar an Fheachtais 'An ceart ag cách ar uisce'

## Scrúdú agus cinneadh ón gCoimisiún

Reáchtáladh an cruinniú leis an gCoimisiún, a ndearna an Leas-Uachtarán Maroš Šefčovič ionadaíocht air, an 17 Feabhra 2014. Thíolaic na heagraithe a dtionscnamh le linn éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa tráthnóna an lae chéanna.

Cheap na heagraithe gur bhain an éisteacht phoiblí le díospóireacht phoiblí a bheith acu le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) agus leis an gCoimisiún chun plé a dhéanamh ar conas is féidir cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach, ach ní mar sin a bhí. Rinne FPEnna idirghabháil go pointe áirithe ach ní dhearnadh díospóireacht faoin tionscnamh.

Mar a luadh cheana, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Márta 2014 (féach an phreaseisiúint), leag an Coimisiún amach na bearta a gheall sé a chur chun feidhme.

Tá breis faisnéise faoi na bearta leantacha le fáil ar láithreán gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.



## Obair Leantach

Chun torthaí an fheachtais a scaipeadh, bhain an tionscnamh 'An ceart ag cách ar uisce' úsáid as an bhfeasachán nuachta aige. Roimh dheireadh an tionscnaimh, sheol na heagraithe eolas nuashonraithe amach chuig tíortha difriúla ina dteanga féin.

Toradh tábhachtach ón tionscnamh is ea an líonra a cruthaíodh le linn an fheachtais. Coinníodh na naisc ar bun fiú tar éis dheireadh an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh. Mar a tharlaíonn sé, líonra a mhairfeadh ar feadh i bhfad a thógáil, ba é sin ceann de smaointe bunaidh an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Is éard a léiríonn sin nach dtagann deireadh leis an straitéis fhadtéarmach nuair a thagann deireadh leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ach go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh. Tionscnamh a eagrú, is céad chéim mhaith chun tosaigh é chun comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí fadtéarmacha a thógáil.

Ceann de na príomhphointí foghlama ó na heagraithe ná díriú a thuilleadh ar an obair ar an leibhéal náisiúnta. Measadh go raibh sé ríthábhachtach díriú ar dhearadh na bhfeachtas náisiúnta chun feachtas de chuid an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chur chun feidhme go rathúil. Dar leis na heagraithe, tá an obair a dhéantar ar chomhghuaillíocht a bhunú thar a bheith tábhachtach.

## Na ceachtanna a foghlaimíodh

- Is amhlaidh go ndearnadh acmhainní móra a infheistiú san fheachtas agus b'fhiú sin mar tarraingíodh an-aird go deo ar an tionscnamh agus bhí cuid mhór tionchair ag an tionscnaimh chun feasacht a ardú freisin.
- Ós rud é go raibh an tionscnamh bunaithe ar ghluaiseacht mhór idirnáisiúnta a bhí seanbhunaithe cheana féin, bhíothas in ann an líon riachtanach sínitheoirí a fháil.
- Go sonrach, bhíothas in ann 1.2 milliún síniú a bhailiú sa Ghearmáin mar gheall ar fheachtas mór náisiúnta a ndearnadh an-chlúdach air sna meáin – cláir imscrúdaitheacha, seó grinn, ailt i nuachtáin, etc.

## Noda agus leideanna i gcomhair eagraithe amach anseo

- Cothaigh comhghuaillíocht le grúpaí éagsúla chun a chinntiú go mbeidh rath ar an tionscnamh!
- Cuir pleananna gníomhaíochta agus feachtais ar bun ar gach leibhéal: leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil!
- Dá luaithe a thosófar ag ullmhú, is ea is mó seans go mbeidh rath ar an tionscnamh.
- Téigh i dteagmháil le FPEnna a bheidh in ann cuidiú leat le d'fheachtas!
- Déan feachtasaíocht sna teangacha náisiúnta le go mbeidh sé níos éasca ag saoránaigh a bheith rannpháirteach.
- Faigh tacaíocht ó dhaoine mór le rá!
- Bíonn ríthábhacht le teagmhálacha pearsanta agus leis na meáin shóisialta le linn feachtais. Bain úsáid as an bpreas ar chaoi stuama.
- Féach chuige go mbeidh na daoine a bheidh páirteach san fheachtas in ann an tionscnamh, mar aon leis an gcaoi a n-oibríonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, a mhíniú.
- Bíodh nasc láidir idir cúrsaí polaitíochta áitiúla agus náisiúnta i do thionscnamh, agus mínigh na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist dá mbeifí ar a shon nó ina choinne ionas go bhféadfadh na saoránaigh an t-ábhar a nascadh leis na saincheisteanna polaitiúla ina bpobal féin.